



CLÁR 2021 - Foirm Iarratais

Beart 1: Tacaíocht le haghaidh Scoileanna/Bearta Sábháilteachta Pobail

Seol d'iarratas comhlánaithe ar aghaidh mar a leanas le do thoil:

Chuir: Comhairle Chontae na Gaillimhe ar ríomhphost chuig: clar@galwaycoco.ie

Faoi mheán oíche Déardaoin, 15 Aibreán 2021.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith le d'iarratas:

1. Foirm Iarratais atá comhlánaithe go hiomlán - tá seans ann nach mbreithneofar iarratais neamhiomlána.
2. Ráiteas Cuntais Bainc nó Comhair Creidmheasa cothrom le dáta mar fhianaise ar mhaoiniú meaitseála.
3. Cruthúnas ar Úinéireacht/Teidlíocht má tá aon chuid den obair le déanamh ar thalamh faoi úinéireacht phríobháideach.
4. Cruthúnas ar Chead Pleanála nó aon cheadú eile atá de dhíth.
5. Briseadh síos ar Chostais Mheasta lomlána an Tionscadail.

Faisnéis an Iarratasóra:

Ainm na hEagraíochta / an Ghrúpa atá ag déanamh Iarratais:	
Más Scoil atá ag déanamh Iarratais, cuir d'Uimhir Rolla ar fáil:	
Ainm an Tionscadail:	
Duine Teagmhála:	
Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais:	
Seoladh Ríomhphoist le haghaidh Comhfhreagrais:	
Uimh. Theileafóin le haghaidh Comhfhreagrais:	

Suíomh i Limistéar Clár:

Láthair/Seoladh na n-oibreacha atá beartaithe oibreacha (cuir sliocht as mapa isteach);	
Comhordanáidí GPS nó Éirchód Shuíomh na n-oibreacha:	
Ainm DED & Líon suíomhanna na n-oibreacha:	

Cuir an idirghabháil/na hidirghabhálacha a bhfuil iarratas á déanamh/á ndéanamh ina leith in iúl:

Tugtar na tacaíochtaí atá incháilithe le haghaidh maoiniú i limistéir CLÁR faoin mbeart seo sa tábla thíos. Is liosta **críochnaitheach** é an liosta thíos agus tá sé bunaithe ar na tionscadail a fuair maoiniú faoi CLÁR sna blianta roimhe seo.

An cineál Idirghabhála	Maoiniú a d'fhéadfaí a leithdháileadh	Cuir tic de réir mar is cuí le do thoil
Soilse Sábháilteachta Gealánacha Ómra a cheannach agus a athsholáthar.	Uasmhéid €7,000 an tacar	
Comharthaí Sábháilteachta Leanaí a cheannach.	Uasmhéid €1,000 an comhartha	
Comharthaí Digiteacha Sábháilteachta Luais, a thugann le fios go bhfuil carr ag dul isteach i gcrios áirithe, a cheannach.	Uasmhéid €14,000 an tacar	
Marcálacha bóthair ar bhóithre ag - Scoileanna/Saoráidí Pobail a uasghrádú.	Uasmhéid €1,000	
Crosairí Coisithe a chur in airde ag Scoileanna/Saoráidí Pobail i mbailte beaga agus i sráidbhailte.	Uasmhéid €22,000	
Cosáin rochtana a thógáil agus a uasghrádú in aice le Scoileanna nó Saoráidí Pobail.	Uasmhéid €30,000	
Saoráidí Páirceála Carranna chun rochtain a dhéanamh ar Scoileanna nó ar Shaoráidí Pobail.	Uasmhéid €30,000	
Scáthláin Bhus a sholáthar	Uasmhéid €25,000	
Soilse Poiblí a sholáthar	Uasmhéid €30,000	

Tionscadal sábháilteachta a bhaineann le COVID-19 (ní mór an gá agus an réasúnaíocht atá leis a léiriú sa chuid Faisnéis faoin Tionscadal a leanas ar an bhfoirm iarratais).	Uasmhéid €50,000	
Uasmhéid fhoriomlán in aghaidh an tionscadail má tá roinnt de na gnéithe thuas san áireamh le hiarratas ar aon suíomh amháin.	Uasmhéid €50,000	
Costais Riaracháin/Táillí Gairmiúla (ní mór gach gné a liostú)	Uasmhéid 10%	
Eile (ní mór gach gné a liostú, e.g. plandaí pailneora dúchasacha)		

Eolas faoin Tionscadal:

Tabhair achoimre ar chineál agus scóip na n-oibreacha:	
Tabhair achoimre ar an ngá leis na hoibreacha agus ar an réasúnaíocht ina leith:	
Conas mar a fheabhsóidh na hoibreacha seo sábháilteacht agus inrochtaineacht do scoile nó saoráide phobail.	
Ar ceadáíodh iarratas i ndáil leis an tsaoráid seo faoi CLÁR le 3 bliana anuas? (Ceadáíodh/Níor ceadáíodh). Má ceadáíodh, tabhair mionsonraí.	

An ndearnadh iarratas ar mhaoiniú don tionscadal seo chuig scéim nó clár ar bith eile roimhe seo? (Rinneadh/Ní dhearnadh) Má rinneadh, tabhair mionsonraí.	
--	--

Cúrsaí Airgeadais:

Costas Measta Iomlán an Tionscadail lena n-áirítear Táillí Riaracháin / Gairmiúla:	€
Costais Riaracháin / gné Táillí Gairmiúla <i>(10% de Chostais Mheasta Iomlána an Tionscadail ar a mhéid)</i>	€
An méid Maoinithe Meaitseála atá á chur ar fáil: <i>(10% de chostas iomlán measta an tionscadail ar a laghad)</i>	€
An méid Maoinithe Clár atá á iarraidh: <i>(90% ar a mhéid de chostais mheasta iomlána an tionscadail)</i>	€

Deimhniú Innealtóra Ceantair

Pléadh an t-iarratas seo liom sular cuireadh ar aghaidh é chuig clar@galwaycoco.ie agus táim sásta go bhfuil gá leis na hoibreacha seo agus go bhfuil gach ceanglas reachtúil i bhfeidhm.	
---	--

Síniú an Innealtóra Ceantair:

Dearbhú Iarratasóra:

Deimhním go bhfuil mionsonraí an iarratais seo ceart agus:

- Go bhfuil an tionscadal lonnaithe i limistéar CLÁR
- Go bhfuil Maoiniú meaitseála á chur ar fáil agus curtha ar leataobh don tionscadal
- Go bhfuil gach cead riachtanach i bhfeidhm
- Go bhfuil fianaise ar úinéireacht/léas curtha ar fáil (más infheidhme)
- Go bhfuil an tionscadal i gcomhréir leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) agus le pleananna áitiúla nó réigiúnacha eile
- Nár leithdháileadh maoiniú don tionscadal céanna ó fhoinse ar bith eile.

Sínithe ag: _____ Dáta: _____
Thar ceann na hEagraíochta / an Ghrúpa atá ag déanamh Iarratais

Innealtóirí Ceantair Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Dúiche	Fón	Ainm
Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe		
Bhéal Átha na Sluaighe Thuaidh	091 509074	Philip McLynn
Bhéal Átha na Sluaighe Theas	091 509074	Eamon Lydon
Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach		
Bhaile Locha Riach / Port Omna	091 509166	Brendan Sheehy
An Gort	091 509065	Feidhlim McGillicuddy
Ceantar Bardasach Thuama		
An Thuama Thoir	091 509011	Tom Regan
An Thuama Thiar	091 509011	Paul Connolly
Ceantar Bardasach Chonamara		
Chonamara Theas (An Cheathrú Rua)	091 509060	Naoise O'Conaola
Chonamara Thuaidh (An Clochán)	091 509095	TJ Redmond
Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí/Órán Mór		
Bhaile Átha an Rí/Órán Mór	091 509088	Peter Gavin



Breac-chuntas ar Bheart 1 Beartais Sábháilteachta Scoileanna / Pobail

Is ionann CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais) agus clár infheistíochta spriocdhírthe do cheantair thuaithe a bhfuil mar aidhm leis maoiniú a chur ar fáil do thionscadail bhonneagair bheaga i gceantair ina mbíonn míbhuntáiste. Is é atá mar aidhm le CLÁR tacú le forbairt inbhuanaithe cheantair shainaitheanta CLÁR trí dhaoine a mhealladh le cur fúthu agus dul ag obair iontu. Oibríonn an maoiniú i gcomhar le cláir mhaoinithe eile áitiúla/Gníomhaireachta agus Roinne agus ar bhonn tosaíochtaí arna sainaitheant go háitiúil.

Faoi Bheart 1, CLÁR, breithneofar tacaíocht le haghaidh idirghabhálacha lena ndéanfar timpeallacht na Scoile/na Saoráide Pobail níos sláintiúla agus níos sábháilte do na leanaí a fhreastalaíonn ar na scoileanna agus lena ndéanfar timpeallacht Saoráidí Pobail níos sláintiúla agus níos sábháilte do na leanaí agus do na daoine fásta a bhaineann leas astu. Ní mór na hoibreacha a dhéanamh ar thimpeallacht na scoile/na saoráide pobail agus sin amháin, agus ní ar chuid ar bith den taobh amuigh d'fhoirgnimh na scoile/na saoráide pobail ná taobh istigh díobh.

Iarratasóirí Incháilithe:

Scoileanna, Grúpaí Pobail, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, Údaráis Áitiúla.

Costais Incháilithe

Is ceart a lua ar na hiarratais mionsonraí faoi na costais go léir a bhaineann leis an tionscadal beartaithe. Ní chuirtear san áireamh ach na nithe de chineál caipitil atá mar chuid lárnach den tionscadal agus iad sin amháin. Is ceart na costais riaracháin/táillí gairmiúla a bhaineann leis an tionscadal beartaithe a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus mionsonraí a thabhairt fúthu go soiléir ar an bhForléargas ar an Iarratas. Beidh costais den sórt sin incháilithe suas go dtí méid uasta de 10% de chostais fhoriomlána an tionscadail.

Ráta Cúnaimh

Deontas íosta	€5,000
Deontas uasta	Mar atá liostaithe maidir le gach saghas idirghabhála le huasmhéid foriomlán €50,000 an tionscadal má tá roinnt idirghabhálacha san áireamh in iarratas do scoil / pobal amháin.
Ráta deontais uasta	90% den chostas nó den uasmhéid a leagtar amach in aghaidh na hidirghabhála, pé acu is lú.
Ráta maoinithe meaitseála	Is ceart an 10% eile nó iarmhéid an chostais a sholáthar trí bhíthin an Údarás Áitiúil/an phobail/acmhainní eile, agus is ceart ar a laghad 5% teacht ó ranniócaíocht in airgead tirim ón Scoil/Pobal.

Amlínte:

Seol iarratais chomhlánaithe chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe ag clar@galwaycoco.ie	Faoi mheán oíche Déardaoin, 15 Aibreán 2021.
Iarratais a bhfuil tús áit tugtha dóibh le bheith curtha ar aghaidh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chuig an Roinn	Faoin 07 Bealtaine 2021
Measúnú táscah agus cinntí Roinne, conarthaí eisithe	Faoi thús Iúil 2021.
Tionscadail tugtha chun críche agus an maoiniú tarraingthe anuas (mura bhfuil síneadh ceadaithe ag an Roinn i scríbhinn	Faoin 31 Márta 2022

Critéir Mheasúnaithe:

Cuirfidh an Chomhairle 10 dtionscadal ó Bhearta 1 & 2 le chéile in ord tosaíochta lena gcur ar aghaidh chuig an Roinn, bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- A bheith lonnaithe i limistéar CLÁR
- iarratas ó Scoil/Phobal/Coiste Forbartha Áitiúla chuig an Údarás Áitiúil
- fianaise go bhfuil gach cead riachtanach faighte
- fianaise, nuair is infheidhme, go bhfuil úinéireacht/teideal i bhfeidhm
- costais mheasta iomlána, lena n-áirítear táillí riaracháin/gairmiúla (níl soláthar de dhíth ag an bpointe seo)
- fianaise go bhfuil ciste meaitseála faighte, nuair is ábhartha
- fianaise shoiléir ar riachtanas, agus
- ábharthacht leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail/le pleananna forbartha eile
- Cáilíocht an iarratais agus comhlíonadh leagan amach na scéime.

Agus iarratais á measúnú ag an Roinn lena moladh don Aire, glacfar roinnt cúinsí san áireamh, lena n-áirítear an t-ord tosaíochta táscah; réimse, meascán, cáilíocht, agus tionchar na dtionscadal beartaithe; maoiniú a fuarthas roimhe seo; an tslí a dtugann an tionscadal aghaidh ar na dúshlán a bhaineann le COVID-19 agus cúinsí ábhartha eile.

Tionscadail a Sholáthar

Táthar ag súil go n-imreoidh an tÚdarás Áitiúil ról ceannasach maidir le go leor de na tionscadail a cheadóidh an Roinn a sholáthar. Mar sin féin, féadfar cead a thabhairt do na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla (CFÁ) le comhaontú an ÚÁ agus na n-iarratasóirí pobail ábhartha, a bheith i gceannas ar chéim soláthair an tionscadail. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an Roinn conradh go díreach leis an CFÁ agus ní leis an ÚÁ.

Socruithe maidir le Deontais a Íoc

Socruithe íocaíochta: i riaráiste 50% nuair a bheidh ar a laghad 50% den tionscadal tugtha chun críche, agus 50% nuair a bheidh an tionscadal tugtha chun críche go hiomlán.

Ní ceart don ÚÁ/CFÁ iarratais ar íocaíocht a tharraingt anuas a chur ar aghaidh chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail go dtí go mbeidh an costas tabhaithe ag an ÚÁ/CFÁ féin. Níl sé inghlactha iarratas ar tharraingt anuas a chur ar aghaidh chuig an Roinn sa chás go mbeidh sonraisc, etc. a chuir grúpaí pobail/conraitheoirí ar aghaidh chuig an ÚÁ/CFÁ fós gan íoc.

Coinníollacha Maoinithe le haghaidh Scéimeanna Tuaithe arna maoiniú faoin Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Beidh an caiteachas ar fad a chláraítear trí bhíthin Scéimeanna Tuaithe na Roinne, i.e. Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR, an Scéim um Bonneagar Áineasa Faoin Aer (ORIS), faoi réir ag téarmaí an Chóid Caiteachais Phoiblí a bhfuil fáil air anseo <http://publicspendingcode.per.gov.ie/>.

Ina theannta sin, beidh na riachtanais thíos i bhfeidhm ar an maoiniú ar fad a cheadófar faoi na scéimeanna sin. Léireofar an gá leis na riachtanais uile a chomhlíonadh sa chomhaontú conarthach idir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an deontáí dá gceadófar maoiniú faoin scéim.

1.	Beifear ag súil leis go dtosófar agus go gcríochnófar tionscadail i gcomhréir leis na hamlínte a thugtar i Leagan Amach na Scéime ábhartha.
2.	Féadfaidh an Roinn maoiniú a leithdháiltear ar thionscadail faoin Scéim a tharraingt siar sa chás nach gcríochnófar an tionscadal taobh istigh den tréimhse ama sonraithe agus sa chás nach mbeidh comhaontú sainráite na Roinne maidir le síneadh a chur leis an socrú maoinithe comhaontaithe roimh ré.
3.	Is as buiséad caipítíl na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail a sholáthrófar an maoiniú deontais don tionscadal ceadaithe. Is ceart na costais riaracháin agus/nó ghairmiúla a bhaineann leis an tionscadal beartaithe, sa chás go gceadaítear iad i Leagan Amach na Scéime, a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ní mór na costais sin a thabhairt go soiléir san iarratas agus ní cheadófar ach 10% de chostais fhoriomlána an tionscadail ina leith.
4.	Beidh ranníocaíocht in airgead tirim, mar a mhínítear i Leagan Amach na Scéime ábhartha, de dhíth. Ceanglófar ar an deontáí dearbhú a thabhairt

	go bhfuil an ranníocaíocht in airgead tirim faighte agus taifead a choinneáil ar fhoinse na ranníocaíochta in airgead tirim.
5.	Ní mór tionscadail a chríochnú go hiomlán chun méid iomlán an deontais a tharraingt anuas. Sa chás go bhfaighfear amach nach bhfuil tionscadal críochnaithe, féadfaidh an Roinn iarraidh ar an deontáí aon mhaoiniú a fuarthas don tionscadal a aisíoc. Ní mór aon athrú ar an tionscadal beartaithe a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn sula gcuirtear i bhfeidhm é.
6.	Sa chás nach gcuirtear gné den tionscadal ceadaithe i gcrích de réir an iarratais a chuaigh leis an tionscadal, féadtar maoiniú a laghdú mar léiriú ar an tionscadal leasaithe.
7.	Sa chás go mbaineann an tionscadal le hoibreacha ar fhoirgnimh nó ar thailte nach bhfuil faoi úinéireacht an deontáí, caithfidh léas cúig bliana ar a laghad a bheith i bhfeidhm, ó dháta críochnaithe an tionscadail.
8.	I gcás maoiniú a leithdháiltear ar fhiontair nó ar shaoráidí (i.e. ionad pobail, mol, feithicle faoi CLÁR, etc.), is riachtanach go n-oibreofaí iad mar a maoiníodh iad ar feadh cúig bliana ar a laghad i ndiaidh don sciar dheiridh den mhaoiniú a bheith scaoilte, nó seans go mbeidh ar an deontáí an maoiniú a aisíoc. Sa chás nach bhfuil siad le feidhmiú mar a maoiníodh iad, ní mór é sin a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn roimh ré.
9.	Ní mór gach riail agus rialachán maidir le Soláthar Poiblí agus cuntasáíocht a chomhlíonadh agus tabharfaidh gach deontáí cuntas iomlán tráthúil ar an maoiniú a gheofar.
10.	Is ceart doiciméadúchán iomlán agus cruinn a choimeád chun tacú leis an gcaiteachas ar fad agus ba cheart go mbeadh fáil ag oifigigh na Roinne ar an doiciméadúchán sin lena iniúchadh an t-am ar fad agus ar feadh tréimhse sé bliana ón dáta a chríochnófar an tionscadal.

11.	Tabharfaidh deontaithe aitheantas do thacaíocht ó Thionscadal 2040/ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail/ó Rialtas na hÉireann, agus d'aon fhoirse maoinithe infheidhme eile (mar a shainaithnítear iad sa Chomhaontú Maoinithe ábhartha) i ngach fógra poiblí, agus san fhógraíocht agus comharthaíocht ar fad, de réir mar is cuí, a bhaineann leis an tionscadal. Ina theannta sin, féadfaidh an Roinn féachaint leis an tionscadal a úsáid chun a beartais a chur chun cinn ar shlí níos leithne.
12.	Cuirfidh deontaithe aon tuarascálacha agus faisnéis a bhaineann leis an tionscadal ar fáil don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ó am go ham, ar iarratas réasúnach ón Roinn.
13.	Is ceart monatóireacht agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar thionchar an tionscadail. Beifear ag súil go mbaileoidh deontaithe sonraí cuí chun an fhoghlaim sin a éascú ar bhonn leanúnach. Is ceart tuairisc ghearr (1-2 leathanach) ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail arna mhaoiniú a chur i dtoll a chéile agus a chur ar fáil don Roinn, ach í a iarraidh.
14.	Cuirfidh gach deontaí teagmhálaí/ithe ar fáil don Roinn chun iarrataí íocaíochta agus faisnéise a éascú. Is ceart an Roinn a choinneáil ar an eolas go tráthúil maidir le haon athruithe ar phearsanra.
15.	Beidh seicliosta de dhíth ar an tionscadal a chríochnú lena dhearbhú gur comhlíonadh na coinníollacha maoinithe a bhaineann leis an gcúnamh deontais.

D'fhéadfaí a cheangal ar an deontaí an cúnamh deontais a dámhadh, nó cuid de, a aisíoc mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha arna leagan amach nó aon choinníollacha breise arna gcomhaontú i rith idirbheartaíocht an chonartha.

Seol an fhoirm ar ais chuig: Scéim CLÁR, Rannóg Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe & Pobail, Comhairle Contae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh H91 H6KX	Return to: CLÁR Scheme Economic, Rural & Community Development Unit Galway County Council County Hall Prospect Hill Galway H91 H6KX	T. (091) 509395 clar@galwaycoco.ie www.gaillimh.ie www.galway.ie
--	--	--